



Polasaí Bí-Cineálta

Faomhadh ag Bord Bainistíochta

Choláiste na Coiribe

Dáta: 04/02/2026

Glactha ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus

Ros Comáin

Dáta:

***TÁ AN CÓD SEO ULLMHAITHE I GCOMHAIRLE LE TUISMITHEOIRÍ,
SCOLÁIRÍ, FOIREANN AN CHOLÁISTE, BORD BAINISTÍOCHTA AGUS AN
BORD OID. AGUS OILIÚNA GAILLIMH AGUS ROS COMÁIN***

***TÁ AN POLASÁI SEO ULLMHAITHE DE REIR TREOIRLÍNTE Bí Cineálta 2024
Nósanna imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus dul i ngleic léi do
Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2024.***



1.0 Réamhrá:

Ghlac Bord Bainistíochta **Choláiste na Coiribe** leis an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais Bí Cineálta: Nósanna imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac. Leanfar treochlár na Roinne Oideachais chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi faoin cheithre príomhphrionsabail seo:

- Cosc
- Tacaíocht
- Maoirseacht
- Pobal

Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar Coláiste na Coiribe saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár noibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.



2.0 Sainmhíniú ar Iompraíocht Bhulaíochta:

Déantar Bulaíochta a shainmhíniú í *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* mar:

"...iompraíocht spriocdhírthe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta

ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí."

Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá mórán modhanna éagsúla ina léirítear iompraíocht bhulaíochta agus ina measc sin tá bulaíocht fhisiciúil, bulaíocht ó bhéal agus bulaíocht a bhaineann le caidreamh agus is féidir léi tarlú ar líne nó as líne. Is iomaí cuspóir éagsúil atá le hiompraíocht bhulaíochta freisin agus is féidir iad sin a thuiscint ar an leibhéal aonair (mar shampla, ag iarraidh a bheith ceannasach, stádas, díoltas) agus/nó ar leibhéal na sochaí (mar shampla, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht amhail bulaíocht chiníoch, mhíchumais, ghnéasaíoch nó LADTA+) Is minic a bhíonn tionchar láidir ag meonta, iompraíochtaí, nósanna imeachta agus dinimic chumhachta atá fréamhaithe go domhain inár sochaí ar iompar bulaíochta inár sochaí.

Déantar cur síos breise ar phríomhghnéithe an mhíne thíos:

2.1 Iompraíocht Spriocdhírthe:

Iompraíocht a léirítear d'aon ghnó, nach niarrtar agus a dhéanann dochar do dhaoine eile is ea bulaíocht, agus nuair is eol don scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige nó aici go bhféachann nó go bhféachfaidh an leanbh nó an duine óg a fhulaingíonn an iompraíocht ar an iompraíocht mar iompraíocht dhíobhálach. Ní iompraíocht thimpisteach ná mheargánta atá sa bhulaíocht. D'fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil a bheadh i gceist (mar shampla, díobháil phearsanta, damáiste do mhaoin nó cailleadh maoine) dochar sóisialta (mar shampla, cúlú, uaigneas, eisiamh) agus/nó dochar mothúchánach (mar shampla, lagmheas, dúlagar, imní) agus d'fhéadfadh sé tionchar diúltach atá tromchúiseach agus fadtéarmach a bheith aige ar an scoláire a fhulaingíonn an iompraíocht bhulaíochta. Má cheapann an scoláire nó an duine óg atá ag fulaingt na hiompraíochta go bhfuil an dochar leantach fíor ach nach bhfuil sé ar intinn ag an scoláire dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht ach tá sé tábhachtach fós féin go rachfaí i ngleic leis faoi chód iompair na scoile.

2.2 Iompraíocht Leantach:

Patrún iompraíochta atá córasach agus a leantar ar aghaidh leis thar thréimhse ama is ea bulaíocht. Ní mheastar gurb ionann eachtraí aonair as líne ina léirítear iompraíocht dhiúltach



d'aon ghnó agus a bhfuil neamhchothroime cumhachta i gceist leo agus bulaíocht ach fós féin ní mór dul i ngleic leo sin faoi chód iompair na scoile. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go measfaí gurb' ionann agus bulaíocht teachtaireacht/íomhá/físeán amháin a phostáil ar líne nuair is ródhócha go ndéanfar í/é a athphostáil nó a roinnt le daoine eile.

2.3 Neamhchothroime Cumhachta:

In eachtraí bulaíochta, bíonn sé deacair ar an scoláire atá ag fulaingt na bulaíochta é féin nó í féin a chosaint de bhrí go bhfuil míúsáid á baint as neamhchothroime cumhachta, bíodh an neamhchothroime cumhachta sin fíor nó braite. D'fhéadfadh an neamhchothroime cumhachta sin é féin a léiriú trí dhifríochtaí a bhaineann le méid, neart, aois, cumas, cumhacht an phiarghrúpa, stádas eacnamaíochta, stádas sóisialta, reiligiún, cine, bunús eitneach lena

náirítear a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil agus/nó de phobal na Romach, gnéaschlaonadh, cúinsí teaghlaigh, inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, taithí ar an gcóras cúraim, míchumas nó a bheith ag fáil oideachas speisialta. In eachtraí a bhaineann le bulaíocht ar líne (nó cibearbhulaíocht) d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an neamhchothroime cumhachta le hanaithnideacht ar líne, inniúlacht theicniúil, seilbh ar fhaisnéis/íomhánna/fhíseáin, agus gan an scoláire ar a bhfuil an iompraíocht dírithe a bheith ábalta ábhar gránna ar líne a bhaint nó éalú ón mbulaíocht.

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar fóráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchúil nach iompraíocht bhulaíochta í.

3.0 Iompraíocht nach iompraíocht bhulaíochta í:

Ní hionann eachtra aon uaire d'iompraíocht dhiúltach in aghaidh scoláire eile agus iompraíocht bhulaíochta. Mar sin féin, is féidir teachtaireachtaí goilliúnacha a phostáiltear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompraíocht bhulaíochta mar go bhféadfadh pobal níos leithne iad a fheiceáil agus gur mó an seans go ndéanfar iad a roinnt go minic agus mar sin gur iompraíocht leantach atá iontu.

Ní mheastar go bhfuil iompraíocht bhulaíochta i gceist nuair a tharlaíonn easaontas idir scoláirí nó nuair nach bhfuil scoláirí ag iarraidh a bheith ina gcairde ag duine nó fanacht mar chairde ag duine mura ndéantar iarrachtaí leantacha d'aon turas duine a chiapadh, a fhágáil ar lár nó fuath don duine a chruthú i measc daoine eile lena náirítear grúpaí cairdis a ionramháil in aon turas.

D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí le cumarsáid shóisialta ag roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go gcuirfidís a gcuid riachtanas in iúl le hiompraíochtaí a d'fhéadfadh iad féin nó daoine eile a ghortú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach in aon turas a léirítear na hiompraíochtaí sin agus nach bhfuil siad pleanáilte ach, i gcúinsí áirithe, gur freagairt uathfheidhmeach iad, nach féidir leo a smachtú.

Ní iompraíocht thimpisteach ná meargánta atá sa bhulaíocht. Má mheasann an scoláire a



bhfuil an dochar á fhulaingt aige nó aici go bhfuil fiordhochar á dhéanamh dó nó di ach nach bhfuil sé i gceist ag an scoláire eile dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht. Is féidir leis na hiompraíochtaí sin a bheith coscrach.

Déantar foráil do straitéisí chun dul i ngleic le hiompraíocht mhíchuí laistigh de Chód Iompraíochta na Scoile.

4.0 Iompraíocht Choiriúil;

I gcásanna áirithe, féadfar iompraíocht bhulaíochta a mheas mar iompraíocht choiriúil agus d'fhéadfadh feidhm a bheith le hiarmhairtí dlí. Is é 12 bhliain aois na freagrachta coiriúla in Éirinn.

D'fhéadfadh roinnt den iompraíocht ar líne a bheith mídhleathach agus ní mór go mbeadh a fhios ag scoláirí go mbaineann impleachtaí forleathana le hábhar míchuí nó dochrach a phostáil ar líne. I gcásanna a bhaineann le híomhánna dlúthphearsanta, leis an Acht um

Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 ar a dtugtar Dlí Coco freisin, déantar coir as íomhánna dlúthphearsanta a roinnt gan toiliú agus déantar coir freisin as bagairt a dhéanamh na híomhánna sin a roinnt.

Má tá foréigean fisiciúil nó bagairt foréigin i gceist le hiompraíocht bhulaíochta, d'fhéadfaí a mheas gur ionsaí atá inti.

Má tá leithcheal nó fuathchaint i gceist le hiompraíocht bhulaíochta a dhíríonn ar an scoláire agus atá bunaithe ar chine, reiligiún, eitneacht, claonadh gnéis nó bunaithe ar an scoláire a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil, d'fhéadfaí é sin a mheas mar choir fuatha faoin Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989/11, agus d'fhéadfaí cúiseanna coiriúla a chur ina leith siúd a bhíonn páirteach in iompraíocht den chineál sin.

Má tá ciapadh gnéasach nó ionsaí gnéis i gceist leis an iompraíocht bhulaíochta, d'fhéadfaí é sin a mheas mar iompraíocht choiriúil.

Is é an Garda Síochána an túdarás cuí chun iompraíocht choiriúil líomhnaithe a fhiosrú.

5.0 Nuair atá iompraíocht bhulaíochta ina hábhar inní maidir le cosaint leanaí:

In Alt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 leagtar dualgas reachtúil ar scoileanna a chinntiú, a oiread agus is féidir, mar "sholáthraí seirbhíse ábhartha" go bhfuil gach leanbh atá ag freastal ar an scoil saor ó dhíobháil fad atá sé nó sí ag freastal ar an scoil nó seachas sin ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile.

Leanfar Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'IarBhunscoileanna gov – Nósanna imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'IarBhunscoileanna (leasaithe 2023) (www.gov.ie)



Seo a leanas liosta samplaí d'iompraíochtaí bulaíochta agus d'féadfadh Choláiste na Coiribe iompraíochtaí a chur leis an liosta de réir mar is gá

Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas bulaíocht	<ul style="list-style-type: none">• Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc.• Forrántacht fhisiciúil• Damáiste do mhaoin• Leasainmneacha a ghlaoch• Cleithmhagadh• Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú• Graifítí maslach• Sracadh (extortion)• Imeaglú• Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla• 'Amharc' faoi leith• Cur isteach ar spás pearsanta• Meascán de na cinn a luaitear.
Cibearbhulaíocht	<ul style="list-style-type: none">• Tromaíocht: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile• Ciapadh: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach• Pearsanú: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile• Gríosadh: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh• Cleasaíocht: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin• Sceitheadh: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt• Leithcheal: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó• Cibear-stalcaireacht: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine• Glao tostach gutháin/gutháin phóca• Glao maslach gutháin/gutháin phóca• Teachtaireacht téacs mhaslach• Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach• Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí• Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín• Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide



Iompraíocht bunaithe ar Aitheantas	<ul style="list-style-type: none"> • Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas • inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh • gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).
Homafóbach agus Trasinscne	<ul style="list-style-type: none"> • Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine • Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aice • Le asainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine • Imeaglú fisiciúil nó ionsaí • Bagairtí
Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil	<ul style="list-style-type: none"> • Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil • Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas
Caidreamhach	<p>Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Biadán maslach • Leithcheal agus aonrú • Neamhaird • Leithcheal ó ghrúpa • Cairde a bhaint de dhuine • 'Bitseáil' • Ráflaí a scaipeadh • Rún a sceitheadh • Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í • 'Amharc' faoi Leith • 'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine.
Gnéasach	<ul style="list-style-type: none"> • Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne • Ciapadh
Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas	<ul style="list-style-type: none"> • Leasainmneacha a ghlaoch • Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama • Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint • Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint. • Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile • Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile



**Bulaíocht lena bhfuil
gléasanna leictreonach
páirteach ann**

- Glaonna fóin / fóin phóca gan chaint
- Glaonna fóin ionsaithe / fón póca
- Teachtaireachtaí téacs ionsaitheacha
- Teachtaireachtaí ríomhphost ionsaitheacha
- Tagairtí ionsaitheacha / Blaganna / Pictiúr ar Láithreáin Ghreasáin



6.0 An áit ar féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú:

Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú in áit ar bith, ar líne nó as líne agus ag am ar bith, ach is mó seans go dtarlóidh iompraíocht bhulaíochta ag áiteanna agus amanna ar leith. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach:

6.1 Laistigh den Scoil:

Is féidir le timpeallachtaí fisiciúla tionchar suntasach a imirt ar chaidreamh sóisialta i measc scoláirí agus is féidir leo tionchar a imirt ar chumas fhoireann na scoile bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Tá ról fíorthábhachtach ag timpeallachtaí scoile atá deadheartha maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus ionchuimsitheacht, caidreamh dearfach agus timpeallacht foghlama atá slán agus tacúil a chur chun cinn.

6.2 Clós na Scoile:

Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú i gclós na scoile. Is féidir le tailte scoile a bhfuil codanna díobh folaithe nó doiléir timpeallacht a sholáthar inar mó seans go dtarlóidh bulaíocht. Soláthraíonn mórán de na cluichí a imrítear i gclós na scoile deiseanna d'iompraíocht bhulaíochta de bhrí gur cluichí fisiciúla iad. D'fhéadfadh troid fhisiciúil tarlú mar thoradh ar spochadh leanúnach agus i roinnt cásanna d'fhéadfadh sé gur chosúil gurbh é/í an scoláire atá ag fulaingt na hiompraíochta bulaíochta atá ag tosú na troda agus é/í ag léiriú a c(h)uid frustrachais.

6.3 Sa Seomra Ranga:

Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú sa rang. D'fhéadfadh sé tarlú go cáiréiseach trí shracfhéachaintí, féachaint, sciotaíl nó d'fhéadfadh sé a bheith níos oscailte, amhail imeaglú fisiciúil ná aonrú d'aon turas. D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú freisin idir tréimhsi ranga nuair a bhogann an múinteoir nó na scoláirí.

Limistéir eile: d'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú i limistéir eile freisin amhail leithris, pasáistí, seomraí cotaí, ionaid taisceadán, seomraí feistis, cithfholcadáin, halla gleacaíochta, ceaintín agus halla tionóil.

6.4 Lasmuigh den Scoil:

Níltear ag súil go rachaidh scoil i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach bhfuil scoláirí faoi chúram na scoile ná nuair nach bhfuil an scoil freagrach astu. Mar sin féin, i gcás go bhfuil tionchar ag an iompraíocht bhulaíochta sin sa scoil, tá iallach ar scoileanna tacú leis na scoláirí atá i gceist. I gcás go leanann an iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh sa scoil ba cheart do scoileanna déileáil léi i gcomhréir le polasaí Bí Cineálta. (Féach Cuid 6.2 de na nósanna imeachta seo).

Tá an polasaí seo i bhfeidhm freisin le gníomhaíochta seachchuraclam, ina measc; tuismitheoirí ag coitseáil daltaí scoile. Tá an polasaí i bhfeidhm freisin leis an gCumann Ramhaíochta na Scoile agus gníomhaíochtaí eile taobh amuigh den scoil nó tar éis na scoile



(Féach Aguisín K agus L). Tá an polasaí i bhfeidhm freisin le tuistí/duine fásta agus pobal na scoile atá ag cabhrú le himeachtaí eis-churaclam scoile, foirne spóirt agus gach saghas imeacht eile (Féach Aguisín K agus L).

6.5 Ag teacht chuig an scoil agus ag filleadh abhaile:

D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú sa limistéar díreach lasmuigh den scoil sna siopaí áitiúla nó sa cheantar áitiúil i gcoitinne. D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú ag stad an bhus nó ar an turas chuig an scoil nó ar ais nuair atá na scoláirí ag siúl, ag rothaíocht nó ar bhusanna scoile.

D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú freisin i gclubanna agus i ngrúpaí eagraithe taobh amuigh den scoil amhail clubanna spóirt.

D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta ar líne (Cibearbhulaíocht), in éineacht le hiompraíocht bhulaíochta de chineálacha eile, dochar suntasach a dhéanamh agus tionchar buan a imirt ar scoláirí a fhulaingíonn iompraíocht den chineál sin. Ciallaíonn rochtain ar theicneolaíocht gur féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú ag am ar bith, agus nach bhfuil teach cónaí an scoláire ina áit shábháilte a thuilleadh. De bharr chineál na dteicneolaíochtaí sin, is féidir le lucht féachana mór ábhar digiteach a roinnt agus a fheiceáil láithreach nach mór agus tá sé beagnach dodhéanta an tábhar a scríosadh go buan.

7.0 Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

	Dáta an Chomhairliúcháin	Modh Comhairliúcháin
Foireann na Scoile	02/05/2025	Leath lá traenála (3 uair)
Scoláirí	5/03/2025	Suirbhé
Coiste na nDaltaí	25/03/2025	Suirbhé
Tuismitheoirí	11/02/2025	Suirbhé
Coiste na dTuismitheoirí	26/03/2025	Suirbhé/Plé
Bord Bainistíochta	28/05/2025	Cruinniú ar an 28/5/25
Pobal na Scoile i gcoitinne	Bealtaine 2025	
Athbhreithniú Scoile – Foireann Bainistíochta Sínearach	09/01/2026	Cruinniú ar an 09/01/26

8.0 Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a dhírítear go sonrach ar chibear bhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (feach roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile*):

8.1 Is é beartas na scoile oideachas a sholáthar ar bhulaíocht ar an mbealach seo a leanas (Féach Aguisín H i gcomhair plean bliana agus rólanna ag daoine chun an beartas seo a chur



i gníomh)



- Cur i ngníomh iomlán na gcuraclam SPHE agus CSPE agus na gclár RSE.
- Beidh an oideachas ar bhulaíocht ag tarlú tríd na ranganna O.S.P.S (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte).
- Rannpháirtíocht uile-scoile in imeachtaí Cairdeas/Frith-Bhullaíochta/Seachtain Frith-Bhullaíochta a bhíonn ar siúl i rith na bliana.
- Úsáideann an scoil na hacmhainní seo a leanas: <https://www.antibullyingcampaign.ie/>
- Tionscnaimh agus cláir atá dírithe ar fheasacht agus tuiscint na ndaltaí ar bhulaíocht a fhorbairt, lena n-áirítear na cúiseanna agus tionchur na bullaíochta, go háirithe le ceist na bulaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht agus go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Mar shampla, póstaeir LGBT a chur ar chlár na bhfógraí, ag tabhairt cuireadh do chainteoirí teacht isteach chun na hábhair ag leibhéal an ranga a phlé, tionóil scoile uile ar na h-ábhar frithbhulaíochta.
- Déantar suirbhé ar dhaltaí uair sa bhliain ar a laghad ag úsáid as Bosca Frithbhulaíochta nó suirbhé ar líne. Ceistneoir rúnda a thabhairt do gach dalta uair sa téarma.
- Déantar nasc idir an 'Ceannairí Cairdeas' (Daltaí i mbliain 4,5 & 6) agus daltaí nua ag tosú sa scoil sa chéad bhliain nó i mbliain-ghrúpa eile.
- Spreagtar iompar dearfach ar mhaithe le leas an phobail tríd an gCód Iompair agus ag tionóil scoile.
- Tá córas tréadchúraim den scoth i bhfeidhm ag an scoil, agus déantar taifead ar gach eachtra (cibé áit a dtuairiscítear iad) tríd an gceannaire Bliana.
- Rannpháirtíocht Chomhairle na Mac Léinn chun timpeallacht shábháilte scoile a chruthú
- Pléitear beartas frithbhulaíochta na scoile leis na mic léinn agus tugtar cóip do gach tuismitheoir / caomhnóir mar chuid de Chód Iompair na Scoile (gach bliain).
- Féinmheas a chothú agus a fheabhsú i measc na mac léinn go léir trí ghníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim. Tabharfar deiseanna do mhic léinn féinmheas dearfach a fhorbairt trí idirghníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfoirmiúla.
- Cultúr insinte a spreagadh, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfíneithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne ríthábhachtach.

8.2 Struchtúr Tréadchúraim na Scoile:

- Tá Oide Ranga ag gach grúpa ranga a mhúineann OSPS don ghrúpa agus a fheidhmíonn mar chaomhnóir sa scoil don ghrúpa sin.
- Mar bhaill den fhoireann tréadchúraim, tá Chomhairleoir Treorach, Ceann Cúraim Tréadach / Ceannairí Bliana, Oidí Ranga, Príomhoide Tánaisteach agus Príomhoide.
- Bíonn an fhoireann ag faire agus ag breathnú ar chaidrimh idir mhic léinn sa rang, ag tabhairt faoi deara patrúin neamhláithreachta agus ag cur in iúl dóibh go bhfuiltear ag súil le hardchaighdeáin iompair i gcónaí.



- Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, pasáistí, clós na scoile, turais scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Tabharfar treoir d'fhoireann neamhtheagaisc agus do bhaill eile a bheith ar an airdeall agus eachtraí a thuairisciú do na múinteoirí ábhartha. Beidh maoirseacht ann ar úsáid na mac léinn as teicneolaíocht cumarsáide ar scoil.
- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba chóir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh, e.g.:
 - Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga.
 - Nóta a thabhairt isteach leis an obair bhaile.
 - Glao gutháin a chur ar an scoil nó ar mhúinteoir sa scoil a bhfuiltear muiníneach as/aisti.
- Prótacail shoiléire a shonrú chun tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) a spreagadh dul chun na scoile más dóigh leo go bhfuil bulaíocht á déanamh ar a leanbh. Ba chóir an prótacal a chur le chéile i gcomhair le tuismitheoirí.
- Eolas a scaipeadh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí go bhfuil bosca frithbhulaíochta taobh amuigh den phríomh oifig scoile agus gur féidir le daltaí scéal/inní a chur sa bhosca.

8.3 Curaclaim a chur i nGníomh:

- Cur i ngníomh iomlán na gcuraclam SPHE agus CSPE agus na gclár RSE.
- Ceachtanna ar an mbulaíocht bunaithe ar fhianaise a sheachadadh ar fud na scoile, e.g. #UP2US, On My Own Two Feet.
- Ceachtanna a sheachadadh ar **Fhorrántacht Chaidreamhach** (Cool School Programme: A Friend in Deed), ar an **gCibearbhulaíocht** (#UP2US), ar an **mBulaíocht Hómafógach agus Thrasfóbach** (Stand Up Programme) ar an **Éagsúlacht agus an Idirchultúrachas**. Ba chóir don scoil gach acmhainn a bhaineann leis an gcuraclam SPHE a liostú mar aon leis na tacaí.
- Cláir SPHE an Gharda Síochána a sheachadadh ar leibhéal iar-bhunscoile. Pléann na ceachtanna seo, a thugann Gardaí Pobail, ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht phearsanta agus cibearbhulaíocht.
- Forbairt Ghairme Leanúnach don fhoireann agus na cláir sin á seachadadh.
- Féachfaidh an scoil, go háirithe, i leith riachtanais bhreise na ndaltaí SEN maidir le cláir a chur i bhfeidhm agus scileanna agus straitéisí a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas gach daltaí freagairt go cuí.
- Liosta na dtacaí atáthar a úsáid sa scoil faoi láthair agus tacaí eile atá sa scoil a shonrú e.g. BeLonGTo www.belongto.org, About You: Personal Wellbeing Schools Programme, agus B4U Decide.ie.

8.4 Naisc le Beartais Eile:

Liostaigh beartais, cleachtais agus gníomhaíochtaí scoile a bhaineann leis an mbulaíocht, e.g. Cód Iompraíochta, Beartas Cosanta Leanaí, Maoirseacht daltaí, Beartas um Úsáid Inghlactha, Tinreamh Gníomhaíochtaí Spóirt



8.5 Cultúr na Scoile:

Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:

- ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
- ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
- ina gcuirtear **caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn** ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
- A chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe. Ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thairfeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid);
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

10.0 Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thairfeadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8.9 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

Is é an phríomhaidhm a bhaineann le bulaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil ná ceistanna a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir (seachtas milleán a leagan ar dhuine)

- Ba chóir do mhic léinn aon eachtra bulaíochta a phlé le múinteoir nó le duine fásta eile laistigh den chóras scoile; is iompar freagrach é seo seachas “scéalta a insint”



- Ba chóir do thuismitheoirí / chaomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an Aicme Caomhíon nó le haon bhall foirne eile a bhfuil siad compordach leis maidir le teagmhaisiompraíochta bulaíochta a bhféadfadh siad a bheith in amhras fúthu nó a tháinig faoina n-aird trína gcuid leanaí nó thuismitheoirí eile.

Ní mór do ghnásanna na scoile cloí leis an gcur chuige seo a leanas. Déanfar gach iarracht a chinntiú go dtuigfidh gach duine atá rannpháirteach (daltaí, thuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh) an cur chuige sin ón tús.

10.1 Déanfaidh an múinteoir:

- Éisteacht a thabhairt don dalta, nótaí a ghlacadh, an dalta a chur a s(h)uaimhneas ar an mac léinn, cinntiú go bhfuil siad sábháilte, rudaí a bheith rúnda chomh fada is gur féidir.
- Cuirfear gach cás tuairiscithe ar aghaidh chuig an gCeannaire Bliana

10.2 Déanfaidh an Ceannaire Bliana:

- Agus eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta á n-anailísiú, ba chóir don mhúinteoir ábhartha iarracht a dhéanamh na ceistanna cén rud, cén áit, cén duine, agus cén fath a fhreagairt. Labhrófar leis an íospartach líomhnaithe agus leis na daoine líomhnaithe a rinne an eachtra.
- Beidh cead ag an íospartach líomhnaithe agus leis na daoine líomhnaithe a rinne an eachtra na sonraí a scríobh síos san fhoirm in Aguisín A. Beidh gach tuairisc ceangailte leis an bhfoirm seo. Foirm Frith-Bhullaíochta ar fáil in Aguisín A.
- Ba chóir é sin a dhéanamh go deas suaimhneach, agus sampla á thabhairt den chaoi ar chóir déileáil le coinbhleacht gan dul i muinín na forrántachta.
- Coinneofar taifid ar gach eachtra agus ar na nósanna imeachta a leanadh.
- Coinneofar an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach ar an eolas faoi gach eachtra agus beidh fáil acu ar thaifid scríofa ábhartha.
- Ar an gcéad dul síos glactar le cur chuige athchóirithe maidir leis an eachtra a réiteach agus cuirfear cur chuige gan mhilleán gan smachtbhanna i bhfeidhm. Tá sé seo ag teacht le comhairle ón bhFeachtas agus cur chuige Frithbhulaíochta atá glactha ag an scoil - <https://www.antibullyingcampaign.ie/second-level-tools/> . Iarrfar ar an duine a rinne bulaíocht an fhoirm 'Foirm Ghealtanais Iompair- in Aguisín B a shíniú agus comhlánú.



- Sa chás go bhfuil bullaíocht ag tarlú, dar leis an gceannaire bliana, Éilítear ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí agus ar dhaltaí comhoibriú le cibé fiosrú a dhéanfar agus cuidiú leis an scoil ceist ar bith a thiocthadh aníos a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir, a thúsce agus is féidir.
- I gcásanna go gcinneann an múinteoir ábhartha gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ba chóir teagmháil a dhéanamh le thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) na bpáirtithe go luath d'fhonn an tarlúint a chur in iúl dóibh agus míniú a thabhairt ar na gníomhartha a bheifear a dhéanamh (agus tagairt á déanamh do bheartas na scoile). Ba chóir don scoil deis a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí plé a dhéanamh ar na bealaí lenar féidir leo tacú leis na gníomhartha atá an scoil a dhéanamh agus leis na tacaí atáthar a chur ar fáil do dhaltaí;
- Sa chás go gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh iompraíocht bhulaíochta ar bun ag an dalta, ba chóir a chur in iúl go soiléir dó/di an sárú a rinne sé/sí ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ba chóir iarracht a dhéanamh tabhairt air/uirthi an chás a fheiceáil ó dhearcadh an dalta a d'fhulaing an bhulaíocht;
- Socrófar cruinnithe leantacha leis na páirtithe ábhartha lena mbaineann d'fhonn iad a thabhairt le chéile níos déanaí má tá an dalta a ndearnadh bulaíocht air réidh agus aontaithe.
- I gcásanna nach bhfuil an Ceannaire bliana sásta go bhfuil deireadh leis an mbullaíocht laistigh de 20 lá scoile tar éis dó/dí cinneadh a dhéanamh gur tharla bulaíocht, líonfaidh an ceannaire bliana foirm C (Aguisín C) agus seolfaidh sé/sí an fhoirm seo ar aghaidh chuig an bPríomhoide le na foirmeacha in Aguisín A&B chomh maith.
- Agus é/í ag fiosrú agus ag láimhseáil na bulaíochta, tabharfaidh an múinteoir (ábhartha) a b(h)reithiúnas féin féachaint ar tharla bulaíocht nó nár tharla agus conas is fearr an chás a réiteach.
 - Ar chríochnaigh an bulaíocht?
 - An bhfuil réiteach idir na páirtithe?
